

AN ROINN OIDEACHAIS

**SIOLLABAS DON
TEASTAS SÓISEARACH**

**EALAÍN, CEIRD,
Agus DEARADH**

An Teastas Sóisearach

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh
 - . an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - . raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - . iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - . an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
 - . forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
 - . na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.
 - . é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
 - . ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
 - . fiúntas: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

1. RÉAMHRÁ

1.1 Trí ábhar atá ag brath ar a chéile is ea Ealaín, Ceird and Dearadh. Is cuid thábhachtach de dhlúth agus d'inneach shaol an duine iad agus tá siad níos sinne ná an teanga scríofa. Tá ríthábhacht leo i bhforás agus i bhforbairt an duine. Tá modhanna smaoinimh dá chuid féin ag dul le gach ceann acu:

- . Aibhsítear smaointe, mothúcháin agus suntasacht amhairc san Ealaín.
- . Aibhsítear ceartúsáid uirlisí agus ábhair i gCeird.
- . Aibhsítear pleanáil, réiteach fadhbanna agus slánú, agus feidhm á bhaint as líníocht mar áis smaoinimh, i nDearadh.

Tugtar iad seo le chéile san iarracht bhunúsach a dheineann an duine an domhan a chur in oiriúint do chuspóirí feidhmiúla, maraon le smaointe agus mothúcháin a chur in iúl agus a idirriaradh. Saineispéaras saibhrithe is ea an cúnamh a thugann na healaíonna amhairc agus múnlóireachta dúinn go léir, chun an bheatha a chomóradh.

1.2 Cuid shainiúil d'oideachas an duine ina iomláine, is ea Ealaín, Ceird agus Dearadh. Feidhmíonn siad tríd an gcroí, tríd an gceann agus trí na lámha agus cuireann siad ar chumas an duine a shaol a rialú go géarchúiseach agus saothar daoine eile a thuiscint agus blas a fháil air. Tá i bhfad níos mó ná inniúlacht ar an ábhar féin (agus an cumas leas a bhaint as le linn a shaoil) le baint ag na daltaí as oideachas Ealaíne, Ceirde agus Deartha, le linn thréimhse a ndaltachais: le cabhair oideachais Ealaíne, Ceirde agus Deartha éiríonn leo roinnt acmhainní tábhachtacha dá gcuid féin a shaothrú - go háirithe cumas tionscnaimh, buanseasamhacht, céadfacht agus muinín astu féin.

- 1.3 Tá an creatshiollabas seo ceaptha do dhaltaí ó cheann ceann raon an chumais sna blianta sóisearacha. Ní foláir, chun an siollabas a chur i gcrích, go leor ama a chur ar fáil dó.
- 1.4 Tá raighse roghanna breise curtha leis an siollabas praiticiúil ceartláir Líníochta agus leis an siollabas ceartláir Ealaíne, Ceirde agus Deartha atá déthoiseach agus leis an siollabas ceartláir Ealaíne agus Deartha atá tríthoiseach agus leis na Staidéir Thacaíochta. Toghfaidh an múinteoir rogha amháin ar a laghad le haghaidh an Ghnáthleibhéil agus dhá cheann ar a laghad le haghaidh an Ardleibhéil de réir mar a oireann do chumas, chéimeanna forfháis, thaithí, spéis agus acmhainn fholaigh na ndaltaí. Ba chóir sainscileanna an mhúinteora, acmhainní agus saoráidí na scoile, leithlí agus traidisiúin an cheantair a chur san áireamh, leis. Cuirfear an siollabas ceartláir i bhfeidhm ar theagasc na roghanna a dhéantar, i dtreo go ndéanfar forfhás an dalta a dhoimhniú agus a leathnú.
- 1.5 Tá Stair, Léirmheas, Luacháil, Tuiscint, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus focail chearta oibre i gceist le Staidéir Thacaíochta.
- 1.6 Ba cheart go ndéanfaí na ceachtanna a eagrú ina gcleachtaí comhleanúnacha praiticiúla foghlama a mbeidh Líníocht agus Staidéir Thacaíochta mar chuid díobh, de réir mar a oireann.
- 1.7 Tá ríthábhacht leis an gceann tosaithe (an t-ábhar) atá ar gach cleachtadh foghlama, má tá an dalta chun dul in inmhe a chiall do spreagthaí a thabhairt chun cruinnis. Ba cheart go mbeadh an spreagadh ag luí leis an amharc agus go mbeadh sé ag eascairt ó thaithí díreach an dalta ar an timpeallacht nádúrtha, shóisialta agus shaorga.

2. AIDHMEANNA EALAÍNE, CEIRDE AGUS DEARTHA SNA BLIANTA SÓISEARACHA

- 2.1 Aigne eolgaiseach, fiosrach agus géarchúiseach i leith na timpeallachta, a chothú sna daltaí agus cabhrú leo teagmháil leis an saol de réir amhairc, tadhail agus spáis.
- 2.2 Tuiscint dá leithlí féin agus meas orthu féin a chothú sna daltaí de thoradh an tsaothair phraiticiúil a thugann siad chun críche le modhanna cur in iúl, cumarsáide agus feidhmiúla Ealaíne, Ceirde agus Deartha.
- 2.3 Tuiscint a shaothrú sna daltaí ar an Ealaín, ar Cheird agus ar Dhearadh i gcomhthéacsanna stairiúla, cultúrtha, eacnamaíochta, sóisialta agus pearsanta.
- 2.4 An cumas a chothú sna daltaí critéir meastóireachta a chur i bhfeidhm ar a gcuid saothair féin, ar shaothar dhaoine eile agus ar an dteagmháil coitianta a bhíonn acu leis an dtimpeallacht nádúrtha, sóisialta agus shaorga agus leis na hollmheáin chumarsáide.
- 2.5 Tuiscint phraiticiúil ar na prionsabail agus ar na scileanna atá mar bhonn le dearadh amhairc agus tógála agus le réiteach fadhbanna, maraon le hinniúlacht orthu a chothú sa dalta.
- 2.6 Céadfacht aeistéitice, agus buanna an mheasúnaithe chriticiúil, na tuisceana agus na meastóireachta, a thabhairt chun inmhe sna daltaí trí obair phraiticiúil chéimnaithe, agus a mbuanna samhlaíochta, cruthaíochta, éagoitinne agus beartaíochta a threisiú.


3. CUSPÓIRÍ AN CHÚRSA

Tugann an cúrsa Ealaíne, Ceirde agus Deartha na cumais seo thíos chun inmhe sna daltaí:


- (i) a gciall féin d'idé, d'eachtra nó do spreagadh ar bith eile a bheith acu;
- (ii) obair a dhéanamh ag brath ar shamhlaíocht, ar chuimhne agus ar bhreathnú díreach;
- (iii) leas a bhaint as líníocht le haghaidh brathnaithe, taifeadta agus anailíse, mar áis smaoinimh agus le haghaidh cumarsáide agus cur in iúl;
- (iv) leas a bhaint as próisis dhéthoiseacha an cheartláir chun íomhánna a dhéanamh, a ionramháil agus a fhorbairt, agus úsáid a bhaint as litreoireacht, agus litreoireacht a chur i dteannta íomhánna i modhanna cur in iúl agus cumarsáide;
- (v) leas a bhaint as na próisis fíordhéanaimh shuimithigh, dhealaithigh agus tógála atá tríthoiseach, i modhanna cur in iúl agus i modhanna feidhmiúla;
- (vi) leas a bhaint as na heilimintí ealaíne agus deartha agus iad a thuiscint;
- (vii) leas a bhaint as iomad ábhar, meán, uirlisí agus fearas atá éagsúil;
- (viii) leas a bhaint as focalstór oibre cuí;
- (ix) gnéithe cuí eolaíochta, matamaitice agus teicneolaíochta den ealaín, den cheird agus den dearadh a thuiscint;
- (x) coimeád le tionscnaimh ón uair a bheartaítear iad go dtí an uair a gcuirtear i gcrích iad;

- (xi) fiúntas a gcuid saothair féin a mheas agus a thuiscint fad agus atá sé ar siúl acu agus tar éis dóibh é a thabhairt chun críche;

- (xii) feidhm agus fiúntas stairiúil, sóisialta, agus eacnamaíochta ealaíne, ceirde agus deartha agus gnéithe de chultúr na linne seo agus de na hollmheáin a thuiscint.




GNÁTHLEIBHÉAL



ARDLEIBHÉAL

STAIÉIR
THACAÍOCHTA



STAIÉIR
THACAÍOCHTA

CEARTLÁR AN CHÚRSA